Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Nollaig 2024**
**(OR. en)**

**16939/24**

**ENER 606**
**COMPET 1218**
**CLIMA 459**
**ENV 1232**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 16 Nollaig 2024 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 16248/24 |
| Ábhar: | FUINNEAMH GEOITEIRMEACH A CHUR CHUN CINN<br>Conclúidí ón gComhairle: (16 Nollaig 2024) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le fuinneamh geoiteirmeach a chur chun cinn, a d'fhormheas an Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) ag an cruinniú a bhí aici an 16 Nollaig 2024.

# CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE
## MAIDIR LE FUINNEAMH GEOITEIRMEACH A CHUR CHUN CINN

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Á MHEABHRÚ DI:

- An Dlí Aeráide Eorpach[1] agus an oibleagáid ann na bearta is gá a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, faoi seach, chun gur féidir aeráidneodracht a bhaint amach ar bhonn comhchoiteann faoi 2050 ar a dhéanaí;
- Conclúidí ón gComhairle an 17-18 Aibreán 2024[2], ina n-iarrtar go mbainfí amach fíoraontas fuinnimh trí sholáthar fuinnimh fhlúirsigh inacmhainne ghlain a dhaingniú dar déchuspóir ceannasacht fuinnimh agus aeráidneodracht na hEorpa a shaothrú. Chuige sin, beidh gá le leictriú uaillmhianach agus úsáid á baint as gach réiteach glan-nialasach agus ísealcharbóin, chomh maith le solúbthacht, imscaradh teicneolaíochtaí glana agus infheistíocht shubstaintiúil in eangacha, stóráil agus idirnaisc;
- An ceart atá ag na Ballstáit a meascán fuinnimh féin a chinneadh, agus a n-imthosca geolaíocha, comhshaoil, eacnamaíocha agus sonracha eile á gcur san áireamh acu, agus na teicneolaíochtaí is iomchuí a roghnú chun spriocanna fuinnimh agus aeráide 2030 a bhaint amach ar bhealach comhchoiteann;
- An Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta[3], darb aidhm rochtain an Aontais ar sholáthar slán inbhuanaithe teicneolaíochtaí glan-nialasachta a áirithiú, lena n-áirítear trí acmhainneacht mhonaraíochta na dteicneolaíochtaí glan-nialasachta agus a slabhraí soláthair a uas-scálú; agus fuinneamh geoiteirmeach a liostú leis na teicneolaíochtaí glan-nialasachta eile;

---

1 Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999;

2 EUCO 12/24, ar fáil ag https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/04/18/european-council-conclusions-17-and-18-april-2024/

3 RIALACHÁN (AE) 2024/1735 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 13 Meitheamh 2024 maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1724; IO L, 28.6.2024

- An Treoir maidir le fuinneamh in-athnuaite[4] agus, go háirithe, an oibleagáid atá ar na Ballstáit bearta iomchuí a thabhairt isteach ina rialacháin náisiúnta agus ina gcóid tógála agus, i gcás inarb infheidhme, ina scéimeanna tacaíochta; agus thairis sin, sciar an fhuinnimh in-athnuaite sa leictreachas, i dtéamh agus fuarú, agus i dtéamh agus fuarú ceantair agus i bpróisis thionsclaíocha a mhéadú;
- An Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh[5], ar dá réir a éascóidh na Ballstáit bunú saoráidí maoinithe, nó úsáid saoráidí atá ann cheana, le haghaidh bearta feabhsaithe éifeachtúlachta fuinnimh; agus lena gcuirtear ar fáil critéir maidir le córais éifeachtúla téimh agus fuaraithe ceantair;
- An Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh[6], agus fuinneamh geoiteirmeach ar cheann de na roghanna chun riachtanais fuinnimh foirgnimh atá saor ó astaíochtaí a chumhdach;
- An Rialachán maidir leis an Margadh Leictreachais[7], ina liostaítear fuinneamh geoiteirmeach i measc na bhfoinsí dá mbeidh scéimeanna tacaíochta praghais dhírigh le haghaidh infheistíocht i saoráidí giniúna cumhachta nua chun leictreachas a ghiniúint i bhfoirm conarthaí difríochta dhá threo nó scéimeanna coibhéiseacha a bhfuil na héifeachtaí céanna acu; agus dá gcuirfidh na Ballstáit chun cinn glacadh Comhaontuithe Ceannaigh Cumhachta.

---

4 Treoir (AE) 2023/2413 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle;

5 Treoir (AE) 2023/1791 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/955 (athmhúnlú)

6 Treoir (AE) 2024/1275 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)

7 Rialachán (AE) 2024/1747 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/942 agus (AE) 2019/943 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á THABHAIRT DÁ hAIRE:

- An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bPlean Straitéiseach athbhreithnithe um Theicneolaíocht Fuinnimh[8];
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an measúnú uile-Aontais ar na dréachtphleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide nuashonraithe[9], inar tugadh faoi deara go luaitear foinsí fuinnimh gheoiteirmigh i roinnt dréachtphleananna i ranna éagsúla, go háirithe maidir le téamh agus fuarú, ach nach dtugtar aon mhionsonraí suntasacha iontu maidir leis na bearta is gá chun iad a imscaradh;
- An Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le REPowerEU[10] i ndáil leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise na Rúise a laghdú, dlús a chur leis an aistriú fuinnimh agus an margadh fuinnimh a chomhtháthú a thuilleadh;
- Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal *EU's Solar Energy Strategy* [Straitéis an Aontais um an nGrianfhuinneamh][11] ina luaitear gur cheart an t-éileamh ar fhuinneamh a chumhdaítear le grianteas agus fuinneamh geoiteirmeach a mhéadú faoi thrí ar a laghad chun spriocanna 2030 an Aontais a bhaint amach;
- An tuairim ó Choiste na Réigiún maidir le 'ról an fhuinnimh gheoiteirmigh maidir le logánú an táirgthe fuinnimh.'[12]

**Deiseanna geoiteirmeacha agus bacainní ar a n-úsáid níos leithne**

1. IS MIAN LÉI AIRD A THARRAINGT AR AN MÉID SEO A LEANAS
   a. acmhainneacht an fhuinnimh gheoiteirmigh mar fhoinse áitiúil fuinnimh in-athnuaite i dtéarmaí slándáil fuinnimh agus inbhuanaitheacht a sholáthar agus cur le praghsanna inacmhainne fuinnimh;
   b. go rannchuidíonn úsáid an fhuinnimh gheoiteirmigh le cuspóirí straitéiseacha an Aontais Eorpaigh trí spleáchas ar fhuinneamh agus allmhairí breosla iontaise a laghdú, go háirithe maidir le téamh agus fuarú agus, ag an am céanna, le neamhspleáchas straitéiseach oscailte na hEorpa agus iomaíochas thionscail na hEorpa a mhéadú;

8 COM(2023) 634 final
9 COM(2023) 796 final
10 COM(2022) 230 final
11 COM(2022) 221 final
12 Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún – Fuinneamh a tháirgeadh go háitiúil: ról an fhuinnimh gheoiteirmigh (tuairim féintionscnaimh); 26.6.2024, C/2024/3663

c. ról an fhuinnimh gheoiteirmigh mar theicneolaíocht ghlan-nialasachta aibí i ndícharbónú na n-earnálacha fuinnimh;

d. go bhféadfadh laghdú suntasach ar astaíochtaí a bheith mar thoradh ar fhorbairt fheabhsaithe ar fhuinneamh geoiteirmeach, idir éadomhain agus domhain, go háirithe in earnáil na tógála, agus gur féidir leis sin rannchuidiú le spriocanna uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach;

e. i gcás ina bhfuil fuinneamh geoiteirmeach ar fáil go háitiúil, gur féidir leis soláthar cobhsaí a chur ar fáil le haghaidh téimh agus fuaraithe, chomh maith le seirbhísí stórála fuinnimh, solúbthachta agus comhtháthaithe córais fuinnimh agus costais soláthair fuinnimh inacmhainne agus intuartha a áirithiú;

f. go bhféadfadh fuinneamh geoiteirmeach soláthar cobhsaí intuartha a chur ar fáil do leictreachas inseolta i réigiúin ina bhfuil ardacmhainneacht gheoiteirmeach agus i réigiúin ar deacra iad a dhícharbónú, mar shampla sna réigiúin is forimeallaí;

g. na sineirgí a bhíonn ann le táirgeadh na n-amhábhar criticiúil, rud a chiallaíonn, i gcás ina féidir mar gheall ar chomhdhéanamh ceimiceach sreabhán geoiteirmeach, go bhféadfaidh taiscéalaíocht fuinnimh gheoiteirmigh rannchuidiú le héileamh an Aontais ar litiam agus ar amhábhair eile a chomhlíonadh agus ar an gcaoi sin, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar an ngá atá le cosaint an chomhshaoil a áirithiú, ceannasacht mhianrach na hEorpa a chur chun cinn.

2. LEAGANN SÍ BÉIM AR AN MÉID SEO A LEANAS

a. go bhfuil, ar an meán, níos mó ná leath de thomhaltas deiridh fuinnimh na hearnála cónaithe do théamh agus fuarú spáis agus ceantair ar leibhéal an Aontais á bhreoslú faoi láthair ag acmhainní fuinnimh iontaise, agus gur féidir le fuinneamh geoiteirmeach soláthar téimh agus fuaraithe inacmhainne agus slán a chur ar fáil chun tomhaltas fuinnimh i bhfoirgnimh a dhícharbónú agus chun tionscail a dhéanamh níos iomaíche agus níos inbhuanaithe;

b. in ainneoin na dtairbhí a bhaineann le fuinneamh geoiteirmeach, go bhfuil acmhainneacht thábhachtach neamhshaothraithe fós ann maidir le fuinneamh geoiteirmeach a d'fhéadfaí a fhiosrú agus a úsáid a thuilleadh;

c. gurb iad na tosca a leanas a chuireann le húsáid fho-optamach na hacmhainneachta fuinnimh gheoiteirmigh: an chastacht rialála, bacainní airgeadais agus tráchtála, acmhainneacht dhaonna neamhleor nó taithí theicneolaíochtsonrach in údaráis deonaithe ceadanna agus easpa lucht saothair oilte agus cuideachtaí speisialaithe;

d. gur sainaithníodh an easpa sonraí, lena n-áirítear sonraí fodhromchla, agus inrochtaineacht theoranta phoiblí ar shonraí geolaíocha atá ann cheana, mar chonstaicí ar an riosca a mhaolú ag céim luath d'fhorbairt tionscadal, agus chun cosc a chur ar imscaradh níos gasta agus ar ghlacadh níos leithne fuinnimh gheoiteirmigh;

e. nach dócha, in ainneoin an chostais oibriúcháin réasúnta íseal, go dtiocfaidh méadú ar inmharthanacht tráchtála infheistíochtaí geoiteirmeacha doimhne gan bearta chun aghaidh a thabhairt ar chostais infheistíochta tosaigh arda, agus ar rioscaí a bhaineann le taiscéalaíocht, caipiteal agus druileáil;

f. gur gá táirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh a bheith i gcomhréir leis an gcreat comhshaoil, lena n-áirítear ceanglais maidir le cosaint agus sábháilteacht an dúlra agus screamhuisce;

g. go gcuirfear indéantacht eacnamaíoch, theicniúil agus gheolaíoch san áireamh agus cinneadh á dhéanamh ag na Ballstáit maidir le bearta a d'fhéadfaí a dhéanamh chun fuinneamh geoiteirmeach a chur chun cinn.

**Gníomhaíochtaí chun dlús a chur le húsáid fuinnimh gheoiteirmigh**

3. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach a tharraingt suas maidir le dícharbónú an téimh agus an fhuaraithe a mbeidh Plean Gníomhaíochta Geoiteirmeach Eorpach tiomnaithe ag gabháil léi ina mbeidh bearta chun tionscadail gheoiteirmeacha a éascú agus chun dlús a chur le húsáid fuinnimh gheoiteirmigh. D'fhéadfaí a áireamh ar na bearta sin:

a. scéimeanna ráthaíochta féideartha chun rioscaí infheistíochta tosaigh a mhaolú;

b. treoir agus dea-chleachtais chun feabhas a chur ar infheistíocht i dtionscadail gheoiteirmeacha agus i mbonneagar ábhartha, lena n-áirítear líonraí agus stóráil téimh agus fuaraithe ceantair;

c. dea-chleachtais agus treoraíocht chun nósanna imeachta um dheonú ceadanna a luathú agus a shimpliú, lena n-áirítear rannpháirtíocht pobal áitiúil, agus chun seachadadh tionscadal geoiteirmeach ó cheann go ceann a éascú;

d. gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an easpa lucht saothair oilte, chun feabhas a chur ar an acmhainneacht ar fud an tslabhra luacha iomláin don fhuinneamh geoiteirmeach;

e. gníomhaíochtaí chun comhroinnt sonraí, infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí fodhromchla agus bailiú nua sonraí geolaíocha a éascú;

f. dea-chleachtais nó samhlacha chun conarthaí fadtéarmacha a éascú, mar atá comhaontuithe ceannacháin téimh agus fuaraithe in-athnuaite;

g. giniúint leictreachais ó fhuinneamh geoiteirmeach a chur chun cinn, i gcás ina bhfuil acmhainneacht gheolaíoch ann, chun tacú le húsáid fuinnimh gheoiteirmigh mar sholáthar cobhsaí leictreachais, lena n-áirítear le haghaidh na n-oileán agus na réigiún is forimeallaí, agus gníomhaíochtaí iomchuí ag gabháil leis sin chun infheistíocht gheoiteirmeach a dhéanamh iomaíoch.

4. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit fóram struchtúrtha a chur ar fáil, mar shampla Comhaontas Geoiteirmeach Eorpach, chun lucht ceaptha beartas, geallsealbhóirí tionscail, infheisteoirí agus geallsealbhóirí ábhartha eile a thabhairt le chéile feadh an tslabhra luacha ar fad, chun dea-chleachtais agus samhlacha gnó rathúla a mhalartú, chun comhpháirtíochtaí nua a chruthú agus chun scrogaill choiteanna agus gníomhaíochtaí feabhais a shainaithint.

**Creat rialála agus gnéithe airgeadais**

5. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, i gcomhthéacs chur chun feidhme *acquis* ábhartha an Aontais, an méid a leanas a dhéanamh:

a. cuíchóiriú a dhéanamh, más gá, ar a nósanna imeachta rialála faoi seach a dhéanann difear do tháirgeadh fuinnimh gheoiteirmigh, lena n-áirítear le haghaidh bonneagair, lena gcumasófar a úsáid, chomh maith le gníomhaíochtaí druileála agus mianadóireachta agus nósanna imeachta comhshaoil;

b. dlús a chur leis na nósanna imeachta um dheonú ceadanna agus um cheadúnú, más gá, agus rochtain ar fhaisnéis a éascú trí mhachnamh a dhéanamh, mar shampla, ar phointe teagmhála aonair a bhunú chun tionscnóirí tionscadail a chur ar an eolas;

c. gach iarracht a dhéanamh feabhas a chur ar chomhordú phleanáil agus fhorbairt an téimh gheoiteirmigh, an fhuaraithe, an leictreachais agus na stórála fuinnimh ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta agus bardais a spreagadh chun saothrú iomlán na hacmhainneachta fuinnimh gheoiteirmigh a chothú tríd an gcóras fuinnimh ina iomláine;

d. feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le pleanáil agus tuairisciú ar fhuinneamh geoiteirmeach i gcomhthéacs na bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus an tuairiscithe ghaolmhair;

e. réitigh fuinnimh gheoiteirmigh a mheas ina bpleananna do chórais fuinnimh chomhtháite chun eangacha a chothromú, solúbthacht agus cobhsaíocht eangaí a áirithiú agus astaíochtaí a laghdú;

f. machnamh a dhéanamh ar threoir a eisiúint d'údaráis áitiúla, d'oibreoirí córais téimh agus fuaraithe fuinnimh agus ceantair chun fuinneamh geoiteirmeach a chur san áireamh le linn pleanáil réigiúnach nó uirbeach agus nuair a bheidh infheistíochtaí sa bhonneagar áitiúil fuinnimh á bpleanáil; dearcadh iomlánaíoch a ghlacadh ar na roghanna malartacha uile; treoir den sórt sin a ailíniú leis an measúnú cuimsitheach ar théamh agus ar fhuarú a cheanglaítear leis an Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh, agus leis an oibleagáid fuinneamh in-athnuaite a phríomhshruthú i dtéamh agus i bhfuarú i gcomhréir leis an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite;

g. dearadh optamach na gcóras téimh agus fuaraithe ceantair a chur chun cinn, mar shampla tríd an teocht ag ar féidir leo oibriú a ísliú, chun fuinneamh geoiteirmeach a chomhtháthú, agus ar an gcaoi sin iad a dhéanamh níos inbhuanaithe;

h. réitigh fuinnimh gheoiteirmigh a mheas ina gcóid tógála mar spreagadh d'fhoirgnimh níos éifeachtúla agus níos inbhuanaithe;

i. cur i bhfeidhm cur chuige comhtháite a spreagadh maidir le gníomhaíochtaí spás póir fodhromchla chun úsáid fuinnimh gheoiteirmigh a chomhchuibhiú le cosaint screamhuisce chomh maith le húsáidí eile na ngníomhaíochtaí spás póir fodhromchla mar shampla gabháil agus stóráil carbóin, agus stóráil hidrigine;

j. tionscadail a éascú lena n-athiompaítear saoráidí iontaise faoi thalamh chun iad a úsáid le haghaidh fuinneamh geoiteirmeach nó forbairt réiteach a spreagadh lena gcumasófar na tionscadail sin a chur i gcrích níos tapúla;

k. machnamh a dhéanamh ar rochtain ar scéimeanna airgeadais nó ráthaíochta agus ar dhreasachtaí a fhorbairt nó, i gcás inarb ann dóibh cheana, rochtain orthu a éascú chun ardchostais tosaigh agus rioscaí a bhaineann le druileáil agus taiscéalaíocht a mhaolú, chun tógáil bonneagair gheoiteirmigh a chur chun cinn agus chun inmharthanacht tráchtála infheistíochtaí geoiteirmeacha a éascú;

l. i gcás inarb iomchuí, treoirlínte a dhreasú agus a eisiúint chun úsáid réiteach geoiteirmeach a mhéadú chun críoch téimh agus fuaraithe i gcoitinne, agus i líonraí téimh agus fuaraithe ceantair agus, i gcás inarb ábhartha, i réitigh gheoiteirmeacha dhoimhne chun cumhacht a tháirgeadh;

m. machnamh a dhéanamh ar acmhainneacht na n-úsáidí uile a baineadh roimhe seo as tollphoill nó as gníomhaíochtaí mianadóireachta chun leas a bhaint as fuinneamh geoiteirmeach, chun dícharbónú a dhéanamh ar líonraí áitiúla téimh agus fuaraithe ceantair a bhreoslaítear le breoslaí iontaise de ghnáth chun rannchuidiú le haistriú cóir fuinnimh.

**Rochtain ar shonraí, ar fhaisnéis agus feasacht an phobail a mhéadú**

6. IARRANN SÍ ar na Ballstáit infhaighteacht agus inrochtaineacht sonraí geo-eolaíochta, faisnéise fodhromchla, agus léarscáileanna a sholáthar agus a áirithiú, lena n-áirítear maidir leis na córais téimh agus fuaraithe ceantair atá ann cheana. Tá siad sin fíor-riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht gheoiteirmeach agus chun úsáid éifeachtach a bhaint as sonraí agus eolas, a fhaightear trí ghníomhaíochtaí iontaise, le haghaidh forbairt gheoiteirmeach trí thacair sonraí atá ar fáil go poiblí a chruthú, i gcás inar féidir;

7. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, rannchuidiú le raon feidhme na dtionscadal atá ann cheana maidir le sonraí fuinnimh gheoiteirmigh a chur chun cinn, a fheabhsú agus a leathnú, lena n-áirítear sonraí a sholáthar maidir leis na líonraí téimh agus fuaraithe atá ann cheana. Cuideoidh sé sin le bearnaí sonraí a líonadh agus bunachar meiteashonraí uile-Aontais a bhunú lena nascfar stórtha náisiúnta sonraí geolaíocha, a mbeidh rochtain ag na geallsealbhóirí uile ar fud an Aontais air;

8. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, an comhar trasteorann sa taighde agus san fhorbairt a neartú trí chomhroinnt eolais nó trí thionscadail chomhpháirteacha, chun comhtháthú rianúil léarscáileanna geoiteirmeacha a áirithiú (sreabhadh teasa agus síneadh taiscumar uisce theirmigh);

9. IARRANN SÍ ar na Ballstáit na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a spreagadh agus tacú leo chun pobail fuinnimh a bhunú; comhoibriú le hinfheisteoirí, forbróirí agus tomhaltóirí a bhfuil baint acu le tionscadail gheoiteirmeacha a bhaineann le fuinneamh geoiteirmeach ar bhonn measúnú ar acmhainneacht gheoiteirmeach, ar an margadh teasa atá ar fáil go háitiúil, agus ar an acmhainneacht téamh agus fuarú ceantair faoi úinéireacht an phobail a fhorbairt;

10. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún na hionstraimí airgeadais agus an tacaíocht de chuid an Aontais atá ar fáil a leagan amach, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, InvestEU agus ionstraimí eile atá ar fáil tríd an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) ar féidir leo tionscnóirí tionscadail a chur ar an eolas, i ndáil le tionscnaimh gheoiteirmeacha náisiúnta agus trasteorann araon;

11. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tógáil ar chleachtaí mapála ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta agus tacú leis na cleachtaí sin, i gcás inarb ábhartha, chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht iomlán an fhuinnimh gheoiteirmigh ar fud na mBallstát uile, agus béim ar leith á leagan ar acmhainní geoiteirmeacha fodhromchla doimhne agus an-domhain, lena n-áirítear úsáid sonraí maidir le heastóscadh hidreacarbóin;

12. IARRANN SÍ ar na Ballstáit oibriú ar fheasacht an phobail a mhéadú agus glacadh an phobail a spreagadh, feachtais faisnéise a sheoladh agus feabhas a chur ar an eolas faoi na tairbhí sóisialta, eacnamaíocha agus aeráide a bhaineann le húsáid an fhuinnimh gheoiteirmigh agus faoi chás-staidéir rathúla, chomh maith lena áirithiú go gcuirfear rialtais áitiúla, pobail tuaithe, na réigiúin is forimeallaí, saoránaigh, pobail fuinnimh in-athnuaite agus geallsealbhóirí eile san áireamh i ngníomhaíochtaí forbartha geoiteirmeacha. I ndáil leis sin, ba cheart don Choimisiún na hiarrachtaí i dtreo ghlacadh an phobail a éascú, agus úsáid a bhaint freisin as líonraí éagsúla d'údaráis áitiúla, mar shampla Cúnant na Méaraí;

13. IARRANN SÍ ar na Ballstáit, le tacaíocht ón gCoimisiún, feabhas a chur ar an eolas faoi dhea-chleachtais agus ar chomhroinnt na ndea-chleachtas maidir le rioscaí geolaíocha agus comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar oibríochtaí geoiteirmeacha doimhne, mar shampla seismeacht spreagtha, agus maidir le bearta maolaithe a chosc agus faireachán a dhéanamh orthu nuair is gá.

**An lucht saothair, an taighde, an fhorbairt agus an nuálaíocht a threisiú**

14. IARRANN SÍ ar na Ballstáit cláir athoiliúna sa ghairmoideachas a sheoladh chun riachtanais shonracha saothair an tionscail gheoiteirmigh atá ag teacht chun cinn a chomhlíonadh. Ní mór dóibh sin machnamh a dhéanamh ar rannpháirtíocht agus athsciliú oibrithe agus gairmithe ó thionscal na mbreoslaí iontaise agus na mianadóireachta a bhfuil saineolas acu ar thaiscéalaíocht, ar dhruileáil agus ar phíobánra. Is féidir leis sin aistriú cóir a áirithiú lena n-uasmhéadaítear deiseanna fostaíochta san earnáil gheoiteirmeach;

15. MOLANN SÍ do na Ballstáit speisialtóireachtaí ardoideachais a sheoladh chun lucht saothair oilte a chur ar fáil don tionscal geoiteirmeach;

16. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit tionscadail gheoiteirmeacha a áireamh nó a mhéadú a thuilleadh i gcláir agus i mbeartais taighde, forbartha agus nuálaíochta, mar shampla Fís Eorpach, an Ciste don Nuálaíocht, agus Plean SET, lena n-áirítear a Phlean Cur Chun Feidhme Geoiteirmeach Domhain;

17. SPREAGANN SÍ teacht chun cinn teicneolaíochtaí nuálacha nua i réimse an fhuinnimh gheoiteirmigh, lena gcuirtear le hiomaíochas agus le hathléimneacht an Aontais.

**Forbairt an tslabhra luacha agus comhar idirnáisiúnta**

18. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit dlús a chur leis na hiarrachtaí comhpháirteacha atá á ndéanamh chun acmhainneacht sholáthraithe cáilithe seirbhísí tionsclaíocha na hEorpa a mhéadú i réimsí mar atá druileáil, foirgníocht agus monarú trealaimh;

19. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit seasamh an Aontais sa slabhra luacha geoiteirmeach a neartú, i ngach catagóir: pleanáil, suiteáil, oibriú agus cothabháil;

20. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit feabhas a chur ar an gcomhar idirnáisiúnta leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta Fuinnimh, leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta um Fhuinneamh Inathnuaite agus leis an gComhaontas Domhanda Geiteirmeach, i measc nithe eile, i réimse na teicneolaíochta, an taighde, na forbartha agus na nuálaíochta; feabhas a chur ar aistriú feasa gnó, ar bhailiú sonraí agus ar bheartais a bhaineann le gnéithe eacnamaíocha agus comhshaoil an fhuinnimh gheoiteirmigh; agus comhroinnt dea-chleachtas a chur chun cinn.